Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15738/23**

**EDUC 457**
**JEUN 270**
**SOC 811**
**CULT 165**
**DIGIT 271**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus leis an tsaoránacht dhaonlathach a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Samhain 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus leis an tsaoránacht dhaonlathach a neartú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI go ndeirtear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar thiomantas an Aontais na luachanna sin a chur chun cinn agus a chaomhnú agus rannchuidiú lena gcaomhnú agus lena bhforbairt, mar a luaitear in Airteagal 3(1) agus (5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Á M|HEABHRÚ DI AN COMHTHÉACS POLAITIÚIL a bhaineann leis an tsaincheist thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

1. Tá dúshláin ag na Ballstáit uile i ngeall ar thionchar na n-athruithe eacnamaíocha, polaitiúla, sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíocha, ar an imirce dhomhanda agus ar fhoinsí eile ar ábhar imní sóisialta iad agus ar dheighilt pholaitiúil mar shampla, éagothromaíochtaí socheacnamaíocha leanúnacha, mar aon leis an méadú ar chlaontaí náisiúnacha scoilteacha, seineafóibe, ciníochas, frithsheimíteachas, homafóibe, défhóibe, trasfóibe, idirfhóibe agus éadulaingt bunaithe ar inscne nó gnéaschlaonadh, fuathchaint agus radacú, as a dtagann antoisceachas foréigneach. Tagann sé sin sa bhreis ar dheich mbliana deacra don Aontas Eorpach, agus gluaiseachtaí pobalacha agus frith-Eorpacha tagtha chun cinn, anuas ar phróiseas díscaoilte Brexit.

2. Bhí tionchar ollmhór ag an ngéarchéim dhomhanda le déanaí, lena n-áirítear paindéim COVID-19, ar ár sochaithe daonlathacha freisin, rud a chruthaíonn dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana don chaidreamh idir an stát agus an tsochaí, d'iontaofacht na faisnéise agus, i ndeireadh na dála, d'acmhainneacht na n-institiúidí daonlathacha déileáil le riachtanais agus éilimh shochaíocha atá ag athrú go tapa. Bíonn tionchar aige sin freisin ar cháilíocht, ar chomhionannas agus ar chothromas san oideachas agus san oiliúint.

3. Ní hamháin gur ionsaí ar an Úcráin é cogadh foghach gan údar na Rúise ar an Úcráin, agus sruth seasta bréagaisnéise ar mhórscála ag gabháil leis, ach is dímheas é freisin ar an dlí idirnáisiúnta agus ar luachanna uilíocha ar nós na síochána, agus is bagairt dhíreach é ar an Aontas mar limistéar síochána, slándála agus saoirse.

4. Braitheann ár sochaithe daonlathacha oscailte ar dhíospóireacht phoiblí a ligeann do shaoránaigh eolacha a dtoil agus a dtuairimí a chur in iúl trí phróisis pholaitiúla atá saor agus cothrom. Dá bhrí sin, tá an litearthacht sna meáin, úsáid shábháilte, chriticiúil agus fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha le dearcadh atá dírithe ar an duine, agus tuiscint cheart ar na dúshláin leanúnacha a bhaineann leis an mífhaisnéis agus leis an mbréagaisnéis ríthábhachtach, dá bhrí sin, le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach fheasach agus, ar deireadh, le haghaidh próisis foghlama. Cuireann forbairtí san Intleacht Shaorga, lena mbaineann rioscaí agus deiseanna araon, béim freisin ar ról ríthábhachtach na dtosca sin, atá ríthábhachtach freisin chun steiréitíopaí agus noirm dhíobhálacha a chomhrac.

5. Mar gheall ar na dúshláin a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an athrú aeráide, tá gá le haistriú glas atá cothrom cuimsitheach, chomh maith leis an ngá atá ann páirt a ghlacadh sa phróiseas agus ról a thabhairt don tsochaí ina hiomláine, agus seasaimh chonspóideacha a chomhrac.

6. D’fhéadfadh iarmhairtí a bheith ag baint leis na dúshláin agus na rioscaí sin go léir, mar shampla, deighilt shóisialta, míshástacht pholaitiúil agus dícheangal ó institiúidí daonlathacha agus óna bpróisis rannpháirtíochta, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar an imní i sochaithe na hEorpa. Léiríonn siad gur gá leanúint den daonlathas a chosaint, agus ár gcomhluachanna Eorpacha a neartú, dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Léirigh siad freisin breisluach an Aontais Eorpaigh maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na rioscaí sin agus maidir le teacht ar réitigh choiteanna.

7. Mar bhonn agus mar thaca ag an uaillmhian an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, tá sraith príomhluachanna agus príomhphrionsabal oideachais ann nach mór leanúint de bheith á neartú, mar shampla, cáilíocht, comhionannas, cothromas, rath do chách, cuimsiú, meas agus éagsúlacht[1].

8. Sa chomhthéacs sin, ní hamháin go bhfuil gá le córais oideachais agus oiliúna chun na dúshláin nua a thuar, a oiriúnú agus freagairt go hiomchuí dóibh, ach le rannchuidiú le todhchaí ár ndaonlathas agus an Aontais, trí shaoránaigh ghníomhacha, rannpháirteacha agus chruthaitheacha a mhúnlú atá ar an eolas faoina gcomhluachanna agus atá in ann feabhas a chur ar a dtimpeallacht mhaireachtála. Leis an tacar comhchoiteann Eorpach luachanna a chuirtear chun cinn tríd an oideachas agus an oiliúint, cumasaítear agus spreagtar an stádas socheacnamaíoch atá ag an Aontas ar fud an domhain.

TUGANN SÍ AN MÉID A LEANAS DÁ hAIRE:

1. Straitéis Óige an Aontais 2019-2027[2], ina leagtar béim ar an ngá atá ann na hacmhainní is gá a thabhairt do dhaoine óga chun go mbeidh siad ina saoránaigh ghníomhacha agus ina ngníomhairí don athrú dearfach arna spreagadh ag luachanna an Aontais agus ag féiniúlacht Eorpach[3], agus ag Idirphlé Óige an Aontais, lena gcuirtear béim ar an ngá atá le hinniúlachtaí saoránachta a neartú i measc daoine óga, chomh maith lena mbraistint go mbaineann siad leis an tsochaí agus leis an Aontas Eorpach.

2. Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh[4], lena mbunaítear, mar cheann dá réimsí téamacha tosaíochta, cumhachtú leanaí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus ina mbaill de shochaithe daonlathacha.

---

[1] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

[2] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: The European Union Youth Strategy 2019-2027 [Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027] (IO C 456, 18.12.2018, lch. 1).

[3] Forbraíodh 11 Sprioc Eorpacha don Óige le linn an 6ú timthriall den Idirphlé Struchtúrtha faoin teideal 'An Óige san Eoraip: Cad é an chéad chéim eile?': 'an AE a nascadh leis an óige', 'comhionannas gach inscne', 'sochaithe cuimsitheacha', 'faisnéis agus idirphlé cuiditheach','meabhairshláinte agus dea-bhail', 'óige na tuaithe a chur chun cinn', 'fostaíocht ar ardchaighdeán do chách', 'foghlaim ardcháilíochta', 'spás agus rannpháirtíocht do chách', 'Eoraip inbhuanaithe ghlas' agus 'eagraíochtaí don óige agus cláir Eorpacha'.

[4] COM(2021) 142 final.

3. Torthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa maidir leis an oideachas, inar mhol saoránaigh, i measc nithe eile, ‘oideachas a bheidh slán i bhfad na haimsire agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt san Eoraip’ lena ndíreofaí, *inter alia*, ar ‘oideachas saoránach faoi phróisis dhaonlathacha, chomh maith le luachanna an Aontais agus stair na hEorpa’ agus ‘íosleibhéal oideachais a ráthú maidir leis an Aontas Eorpach agus go háirithe maidir lena phróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear stair na lánpháirtíochta Eorpaí agus na saoránachta Eorpaí’[5]

4. Rúin 2021 agus 2022 ó Pharlaimint na hEorpa ina moltar sraith chuimsitheach moltaí le haghaidh oideachas saoránachta Eorpaí athnuaite agus lena gcuirtear béim ar an toil féiniúlacht choiteann Eorpach a spreagadh trí, i measc nithe eile, clár coiteann acadúil, agus gné Eorpach a chomhtháthú go láidir san oideachas[6], agus creat comhchoiteann maidir le hoideachas saoránachta a bhfuil gné Eorpach ag baint leis, lena n-áirítear foghlaim faoi luachanna Eorpacha agus ábhar oideolaíoch coiteann agus cur chuige coiteann a fhorbairt[7].

---

[5] Conference on the Future of Europe – Report on the Final Outcome [An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an Toradh Críochnaitheach] Bealtaine 2022, (Tograí 46 agus 37 ón Seisiún Iomlánach).

[6] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chur chun feidhme (2021/2008(INI)) (IO C 434, 15.11.2022, lch. 31).

[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: cur chuige iomlánaíoch comhchoiteann (2020/2243(INI)) (IO C 205, 20.5.2022, lch. 17).

5. An teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022 maidir le dul chun cinn i dtreo an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach[8], ina n-iarrtar ar na Ballstáit, ar institiúidí eile de chuid an Aontais agus ar gheallsealbhóirí machnamh a dhéanamh le chéile ar dhúshláin dhoimhne agus ar bhearta atá dírithe ar an todhchaí, mar shampla 'oideachas saoránachta Eorpaí a fheabhsú', chomh maith le straitéisí Aontais Comhionannais[9] arna nglacadh ag an gCoimisiún, ina leagtar béim ar an ról tábhachtach atá ag oideachas agus oiliúint ardcháilíochta agus chuimsitheach mar chumasóir chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas comhionannais do chách, gan beann ar inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas agus ag an oiliúint ó thaobh todhchaí na hEorpa a mhúnlú. Is é atá i gceist leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tosaíochtaí straitéiseacha a bunaíodh leis an Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030), i measc nithe eile, peirspictíocht Eorpach a thabhairt don oideachas agus don oiliúint, agus léargas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar a bhfuil i gceist leis an Eoraip agus leis an Aontas ina saol ó lá go lá. Is é atá i gceist leis sin smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú agus inniúlachtaí sibhialta, idirchultúrtha agus sóisialta, tuiscint agus meas frithpháirteach, agus úinéireacht ar luachanna daonlathacha agus ar chearta bunúsacha agus ar chearta an duine a chur chun cinn ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna.

LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi, i gcomhthéacs phróiseas athbhreithnithe meántéarma an Limistéir Eorpaigh Oideachais, sa Rún uaithi i mí na Bealtaine 2023 maidir leis 'An Limistéar Eorpach Oideachais: Ag féachaint chun tosaigh go 2025 agus ina dhiaidh sin'[10], aithníonn an Chomhairle gur cheart aird ar leith a thabhairt ar shealbhú príomhinniúlachtaí a fheabhsú chun forbairt iomlán phearsanta, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil shaoránaigh uile na hEorpa a chumasú.

---

8 COM(2022) 700 final.

9 Glacadh le cúig straitéis chomhionannais in 2020 agus 2021 chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas Comhionannais: an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 (COM(2020) 152 final); an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025, COM(2020) 698 final); plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025 (COM(2020) 565 final); creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030' (COM(2020)620 final); agus an *Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM/2021/101 final).

10 IO C 185, 26.5.2023, lch. 35.

AONTAÍONN SÍ leis an méid seo a leanas:

1. Cuidíonn oideachas ar an tsaoránacht dhaonlathach le hathléimneacht na hEorpa a neartú le linn géarchéimeanna, chomh maith le hathruithe tapa agus móra, agus ní mór áit lárnach a bheith aige i mbeartais oideachais agus oiliúna, mar is deis foghlamtha é faoi luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach. Tá sé sin ábhartha go háirithe, ní hamháin i gcomhthéacs an oideachais agus na hoiliúna, ach don tsochaí ina hiomláine freisin, agus ní mór di a bheith rannpháirteach go gníomhach. Ní mór do shaoránaigh uile an Aontais (lena n-áirítear daoine nua agus iad siúd a mbaineann cúlra imirceach leo) na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt chun a bheith páirteach go gníomhach agus go freagrach inár sochaithe.

2. Ba cheart an t-oideachas ar an tsaoránacht dhaonlathach a bheith bunaithe ar phríomhinniúlachtaí a fhorbairt, lena n-áirítear na gnéithe sóisialta, cultúrtha agus mothúchánacha, chomh maith le smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh criticiúil a dhéanamh. Ba cheart é a bheith bunaithe ar theagasc agus foghlaim tríd, faoin agus ar mhaithe leis an daonlathas agus, go háirithe, ar inniúlacht saoránachta chun an cumas a bheith ann gníomhú mar shaoránach freagrach agus páirt iomlán a ghlacadh sa saol sibhialta agus sóisialta[11], as líne agus ar líne araon, ní hamháin ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ach ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta freisin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart an t-oideachas ar an tsaoránacht dhaonlathach a nascadh leis an oideachas ar an tsaoránacht dhomhanda agus an t-oideachas ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus leis an urraim do chearta an duine mar bhonn don daonlathas, agus ba cheart an méid seo a leanas a bheith i gceist leis ina ghné Eorpach, i measc gnéithe eile agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta:

[11] Mar a shainmhínítear i Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

a) luachanna coiteanna Eorpacha atá mar bhonn taca ag an Aontas a thuiscint[12];

b) eolas a bheith acu ar stair lánpháirtiú na hEorpa, an tAontas Eorpach, a aidhmeanna agus feidhmiú a institiúidí, ionas go mbeidh gach saoránach in ann machnamh a dhéanamh ar a ábharthacht agus a luach sa bhreis agus gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha na hEorpa;

c) an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a bheith acu lena mbeidh siad ábalta a bheith rannpháirteach go praiticiúil agus go gníomhach sna próisis dhaonlathacha san Aontas[13];

d) bheith níos feasaí ar éagsúlacht agus féiniúlachtaí cultúrtha Eorpacha agus domhanda.

3. Tá sé ríthábhachtach luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach a chothú ar gach leibhéal agus cineál oideachais agus oiliúna, agus do dhaoine de gach aois. Is éard atá i gceist leis sin féachaint ar ghníomhaíochtaí nua oideachais agus oiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach, chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá ann cheana a threisiú, agus an toilteanas chun comhoibriú agus teacht ar chomhaontú, i gcás inarb iomchuí, ar uirlisí, ábhar, cineálacha cur chuige, sainmhínithe agus cuspóirí coiteanna, chun freagairt don mhéid atá de dhíth ar shaoránaigh na hEorpa agus dá bhfuil siad ag súil leis, agus chun leanúint de bheith ag rannchuidiú leis an tionscadal Eorpach agus lena chosaint ar bhagairtí inmheánacha agus seachtracha freisin.

[12] Mar a léirítear in Airteagal 2 CAE agus den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[13] Mar shampla, tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, agus aird chuí á tabhairt ar an neamhspleáchas institiúideach agus an tsaoirse acadúil, agus i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cur chun cinn luachanna coiteanna Eorpacha agus na saoránachta daonlathaí a NEARTÚ mar veicteoirí le haghaidh an chomhtháthaithe agus an chuimsithe[14], ar gach leibhéal agus cineál oideachais agus oiliúna (foirmiúil, seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil) ó aois óg agus ar feadh an tsaoil. Chun na críche sin:

   a) Forbairt an oideachais saoránachta a MHOLADH, bunaithe ar inniúlacht saoránachta agus inniúlachtaí eile, mar chuid de bheartais, straitéisí agus pleananna náisiúnta oideachais agus oiliúna, ar gach leibhéal agus cineál, agus go háirithe ó thús deireadh an oideachais éigeantaigh agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus ar fud institiúidí poiblí eile mar shampla leabharlanna.

   b) FEABHAS A CHUR AR eolas agus tuiscint ar an Aontas, go háirithe ar a stair, a shiombailí, a aidhmeanna agus a fheidhmiú, lena n-áirítear an t-idirghaol atá aige le próisis dhaonlathacha na mBallstát, chomh maith le saincheisteanna móra lena ndéantar saol polaitiúil na hEorpa a mhúnlú.

   c) TACÚ le braistint féiniúlachta agus muintearais atá dearfach agus cuimsitheach a neartú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, bunaithe ar luachanna coiteanna Eorpacha.

   d) AIRD A THARRAINGT ar ábhartháacht an oideachais agus na hoiliúna cultúrtha foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun eolas ar éagsúlacht shochaithe na hEorpa agus a luachanna coiteanna agus a dtagairtí cultúrtha araon a éascú.

[14] Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (IO C 195, 7.6.2018, lch. 1).

e) Naisc riachtanacha a NEARTÚ idir, ar thaobh amháin, oideachas ar luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach agus, ar an taobh eile, oideachas ar an bhforbairt inbhuanaithe agus oideachas ar an tsaoránacht dhigiteach, lena mbeidh foghlaimeoirí agus saoránaigh Eorpacha ábalta dul i dtaithí ar shochaithe daonlathacha, cothroma, inbhuanaithe agus digiteacha agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu, trí phróiseas na foghlama feadh saoil.

f) Agus dúshláin shóisialta mar shampla an tslándáil dhigiteach agus an príobháideachas digiteach, an chibearbhulaíocht, an bhréagaisnéis, an fhuathchaint agus an radacú á gcur san áireamh, éifeachtach maidir le litearthacht sna meáin a FHEABHSÚ, go háirithe i gcomhthéacsanna digiteacha agus líonraí sóisialta, agus béim ar leith á leagan ar smaointeoireacht chriticiúil agus feasacht eiticiúil, d'fhonn daoine a chumhachtú chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

2. GLAC ISTEACH cúis imní bhuan le haghaidh aird a thabhairt ar an gcomhionannas agus an éagsúlacht sa chomhthéacs sonrach maidir le luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach a theagasc . I ndáil leis sin:

a) Cultúr cuimsithe a FHORBAIRT ina mbeadh sásraí chun dinimicí maidir le heisiamh, idirdhealaithe agus foréigin a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus gníomhú ina n-aghaidh bunaithe ar fhorais mar shampla tionscnamh, ballraíocht i ngrúpaí mionlaigh, míchumas, inscne, gnéaschlaonadh nó dálaí pearsanta nó sóisialta eile.

b) Gníomhaíochtaí a CHOTHÚ atá dírithe ar dhaoine nua atá tagtha chuig an Aontas chun sealbhú inniúlachta saoránachta a éascú, agus a gcreataí cultúrtha tionscnaimh á gcur san áireamh agus, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, an fhorbairt ar ábhair, tionscadail agus próisis oideachasúla agus oiliúna atá bunaithe ar chur chuige idirchultúrtha a MHOLADH.

3. Treoirlínte oideachais, ábhair, modheolaíochtaí agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna atá ar ardcháilíocht, nuálach, rannpháirteach agus cuimsitheach a CHOTHÚ, arna gcur in oiriúint do chomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus saintréithe na gcóras éagsúil oideachais agus oiliúna, lena n-éascaítear forbairt inniúlachta saoránachta, sealbhú luachanna coiteanna Eorpacha agus foghlaim faoi Aontas. Dá réir sin, agus i gcás inarb iomchuí:

a) A AITHINT gur féidir le comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta cabhrú le forbairt na n-inniúlachta saoránachta agus sealbhú luachanna coiteanna Eorpacha a threisiú. Go háirithe, maidir le Comhairle na hEorpa, ÚSÁID NÍOS FEARR A BHAINT as an gCairt um Oideachas don tSaoránacht Dhaonlathach agus don Oideachas faoi Chearta an Duine agus den Chreat Tagartha Inniúlachtaí maidir leis an gCultúr Daonlathach i gcomhthéacs an Aontais. A thionscnaimh agus na huirlisí atá aige chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn A CHUR SAN ÁIREAMH agus chun an t-eolas ar stair choiteann na hEorpa agus an tuiscint atá againn ar ár n-aontacht laistigh de ghné ilchultúrtha sochaithe na hEorpa a threisiú[15].

b) Comhar a CHUR CHUN CINN trí sheisiúin dhea-chleachtais i measc institiúidí oideachais agus oiliúna agus na ngníomhaithe oideachais ábhartha uile ar leibhéal an Aontais maidir le forbairt, soláthar agus measúnú curaclaim. MACNAMH A DHÉANAMH ar chomhar maidir le hábhar agus cineálacha cur chuige coiteanna.

c) Foghlaimeoirí éagsúla, ábhair atá éasca le léamh a chur ar fáil le hinrochtaineacht dhomhanda, formáidí agus ábhar a chur in oiriúint do na grúpaí éagsúla a CHUR SAN ÁIREAMH.

---

15 I ndáil leis sin, is féidir tionscnaimh chomhdhlúite mar shampla an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha nó tionscnaimh níos déanaí mar shampla an Fhaireachlann um Stair a Mhúineadh san Eoraip a chur san áireamh.

d) Gníomhaíochtaí deonacha agus oideachais agus oiliúna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a CHOTHÚ i bhforbairt inniúlachtaí a bhaineann le luachanna coiteanna, dlúthpháirtíocht, tiomantas sóisialta agus saoránacht dhaonlathach a chur chun cinn. Aitheantas agus nuashonrú ar taithí foirmitheacha den sórt sin a CHUR CHUN CINN, mar shampla trí mhicridhintiúir.

e) Cur chuige digiteach a ÉASCÚ agus an ghlúin d'ábhar faisnéiseach, oideachasúil agus cumarsáide a bhaineann le saoránacht dhaonlathach agus luachanna coiteanna Eorpacha a CHUR CHUN CINN, i bhformáidí atá curtha in oiriúint do bhealaí nua na sochaí faisnéise agus cumarsáide.

4. TACÚ le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna chun timpeallacht iomchuí a éascú ina gcuirtear deiseanna ar fáil chun aclaíocht a dhéanamh agus foghlaim faoi shaoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach trí chleachtadh a dhéanamh. Chun na críche sin:

a) DEIREADH A CHUR le gach cineál idirdhealaithe agus leithscartha i dtimpeallachtaí foghlama, ionas go mbeidh siad sábháilte agus cuimsitheach, saor ó fhoréigean d'aon chineál, agus i gcomhréir le luachanna an iolrachais, na caoinfhulaingthe, na hurraime, an cheartais, na dlúthpháirtíochta, an chothromais agus an chomhionannais inscne.

b) An ceart atá ag leanaí agus ag daoine óga éisteacht a fháil agus páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, oideachasúil, cultúrtha, ealaíonta agus áineasa a dtimpeallachta a CHUR CHUNN CINN, d'fhonn foghlaim fhorchéimitheach na saoránachta gníomhaí a éascú.

c) Rannpháirtíocht foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí, ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna, tuismitheoirí, teaghlach agus cúramóirí i gcomhlachtaí rannpháirtíochta, bídís foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a SPREAGADH agus comhoibriú agus malartú eatarthu a SPREAGADH freisin.

d) Comhar idir institiúidí ardoideachais, scoileanna, ionaid oiliúna, eagraíochtaí don óige, institiúidí cultúrtha agus an pobal ar fad mar shineirgí idir oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil le cur chuige scoile uile a CHUR CHUN CINN A THUILLEADH ionas go mbeidh a gcomhaltaí uile[16] rannpháirteach go gníomhach agus go comhoibríoch agus go rannchuideoidh siad le spás dearfach, sábháilte agus iontaofa a chruthú a chuirfidh folláine na bhfoghlaimeoirí, na múinteoirí agus na n-oideoirí chun cinn.

e) Tacaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a CHUR AR FÁIL do mhúinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí, ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna, tuismitheoirí, teaghlaigh agus cúramóirí ina ról ríthábhachtach cabhrú le foghlaimeoirí inniúlachtaí a fhorbairt don saol sóisialta agus sibhialta agus saoránacht dhaonlathach a fheidhmiú.

f) Sealbhú na n-inniúlachtaí a bhaineann le luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach a CHOTHÚ in oiliúint tosaigh, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna, múinteoirí agus oiliúnóirí ar gach leibhéal. An luach a bhaineann leis na heispéiris fhoirmitheacha sin maidir le rochtain ar ghairm na múinteoireachta agus lena forbairt a CHOTHÚ.

---

16 Áirítear ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne teagaisc eile, daltaí, mic léinn, tuismitheoirí, teaghlaigh, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí, chomh maith le geallsealbhóirí eile: seirbhísí don óige, oibrithe don óige, údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí, ceardchumainn, saorálaithe, etc.

g) Daonlathú na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus a gclaochlú ina n-eiseamláirí a CHUR CHUN CINN chun luachanna saoránachta a thógáil agus rialachas agus rannpháirtíocht a chothú laistigh dá bpróisis eagraíochtúla agus bhainistíochta ar bhonn luachanna coiteanna Eorpacha.

5. Rannpháirtíocht institiúidí oideachais agus oiliúna, múinteoirí, baill foirne agus ceannairí oideachais sna hionstraimí, cláir agus tionscnaimh atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a CHUR CHUN CINN, ar ionstraimí, cláir agus tionscnaimh iad lena dtugtar tús áite do theagasc agus do chur chun cinn comhluachanna Eorpacha, saoránacht dhaonlathach, rannpháirtíocht shibhialta, eolas ar an Aontas agus a fheidhmiú, agus rannpháirtíocht ghníomhach i bpróisis dhaonlathacha. Ar an gcaoi chéanna, infheictheacht agus scaipeadh breise, mar aon le nuálaíocht agus malartú dea-chleachtas sna réimsí sin, a CHOTHÚ.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. ÁBHARTHACHT BREISE A THABHAIRT don oideachas maidir le comhluachanna Eorpacha agus cur chun cinn na saoránachta daonlathaí i gclár oibre an bheartais oideachais agus oiliúna. Chun na críche sin:

   a) FÉACHAINT AN BHFÉADFAÍ é a ionchorprú mar ghné threisithe agus níos sofheicthe i dtograí chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh faoi 2025 agus don dara timthriall (2026-2030) den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030).

b) Scaipeadh agus malartú dea-chleachtas, gníomhaíochtaí piarfhoghlama agus faisnéise maidir le bearta lena gcothaítear forbairt luachanna coiteanna, braistint chómhuintearais san Aontas agus inniúlacht saoránachta, agus lena bhfeabhsaítear cáilíocht an oideachais saoránachta sna Ballstáit uile, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, a CHUR CHUN CINN. Líonrú, comhar agus taighde a THREISIÚ go leanúnach, chun an fhianaise agus an fhaisnéis is fearr a bheith ann, agus na cleachtais oideachais is fearr sa réimse sin a roinnt.

c) Sineirgí agus comhordú a THREISIÚ idir beartais i réimsí a bhaineann le luachanna coiteanna agus saoránacht dhaonlathach, go háirithe iad siúd atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga, chun a dtionchar sistéamach a mhéadú.

d) An tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt do thaithí náisiúnta agus trasnáisiúnta, do thionscadail oideachais agus oiliúna agus do dhaoine spreagthacha a bhaineann le comhluachanna Eorpacha, saoránacht dhaonlathach, agus eolas ar an Aontas Eorpach agus ar a phróisis dhaonlathacha a CHUR CHUN CINN, mar shampla trí lipéid, suaitheantais agus tionscnaimh ábhartha eile.

e) Eagrú ceiliúradh, comórtas, ionsamhlúcháin agus tionscnamh coiteann agus siombalach a CHUR CHUN CINN mar bhealaí chun dul i ngleic leis an daonlathas agus réaltacht an Aontais Eorpaigh a thabhairt níos gaire don phobal oideachais[17], ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

2. Oideachas don tsaoránacht dhigiteach agus claochlú digiteach luachbhunaithe a CHUR CHUN CINN san oideachas agus san oiliúint trí chuir chuige a fhorbairt atá dírithe ar chearta an duine agus ar an daonnachas digiteach[18].

---

17 Mar shampla na himeachtaí ionsamhlúcháin caibidlíochta do dhaltaí agus do mhic léinn a eagraíonn institiúidí an Aontais, lena n-áirítear an Chomhairle (ConSIMium) agus Parlaimint na hEorpa (Euroscola agus Clár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa), nó tionscnaimh eile i gcomhar leis na Ballstáit (an clár ‘Back to School’).

18 Leis an daonnachas digiteach, cuirtear cur chuige duinelárnach ar fáil maidir leis an digiteáil agus maidir le teicneolaíochtaí teorann a rialáil, mar shampla an Intleacht Shaorga, lena n-áirithítear gníomhaireacht dhaonna agus córais chinnteoireachta uathoibrithe os a gcomhair.

3. TACÚ le hidirghníomhaíocht agus tuiscint i measc shaoránaigh uile na hEorpa. Chuige sin:

a) Soghluaisteacht, nascadh agus comhar trasnáisiúnta a SPREAGADH laistigh de phobal oideachais na hEorpa ina iomláine — daltaí, mic léinn, oiliúnaithe, múinteoirí, baill foirne oideachais, saorálaithe agus ceannairí — ar gach leibhéal agus ar gach cineál oideachais agus oiliúna. BÉIM A LEAGAN ar acmhainneacht na soghluaisteachta agus na malartuithe san oiliúint le haghaidh idirphlé idirchultúrtha, saoránacht ghníomhach, cur chun cinn luachanna coiteanna agus braistint muintearais leis an Aontas Eorpach a fhorbairt, chomh maith le gné Eorpach an oideachais a neartú agus a bheith Eorpach ar bhealach níos déine agus níos dírí.

b) Foghlaim agus eolas ar theangacha (lena n-áirítear teangacha réigiúnacha agus mionlaigh) agus ar chultúir na mBallstát a THREISIÚ, i gcás inarb iomchuí agus i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla[19], chun tuiscint agus aontacht mhuintir na hEorpa go léir a chur chun cinn ina bhféiniúlachtaí éagsúla, chomh maith le forbairt na hinniúlachta saoránachta.

4. Comhar Eorpach agus idirnáisiúnta san oideachas agus san oiliúint a NEARTÚ agus a DHOIMHNIÚ ar bhonn ár gcomhluachanna Eorpacha agus na bpríomhluachanna agus príomhphrionsabal oideachais lena sainítear córais oideachais agus oiliúna na hEorpa. Dá réir sin:

[19] Chuige sin, is fiú leanúint de thacú le húsáid an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú.

a) I ngach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, i gcás inarb iomchuí, IONSPARÁID A BHAINT ó fhorbairtí lánpháirtíochta Eorpacha a dhéantar laistigh den Limistéar Eorpach Ardoideachais agus ón straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais[20] — mar shampla Comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, nó laistigh d'earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na Lárionaid Barr Feabhais Gairme — chun an comhar a dhoimhniú agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais atá fréamhaithe inár gcomhluachanna Eorpacha.

b) LEANÚINT DEN CHOMHAR maidir le córais dearbhaithe cáilíochta níos déine a fhorbairt a thuilleadh chun comhchaighdeáin cháilíochta, trédhearcacht, aitheantas agus soghluaisteacht a neartú sa Limistéar Eorpach Oideachais agus sa Limistéar Eorpach Ardoideachais, chomh maith le rannchuidiú le hEoraip níos comhtháite.

c) LEANÚINT den chomhar luachbhunaithe sin a CHUR CHUN CINN agus a THREISIÚ de réir a chéile, ní hamháin do chomhpháirtithe is iarrthóirí ach do thríú tíortha freisin, go háirithe tíortha Chomharsanacht na hEorpa, chun naisc a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar chórais oideachais, oiliúna agus taighde ar fud an domhain. Cuideoidh an méid sin go léir le heolas an Aontais Eorpaigh a threisiú, le comhluachanna an Aontais agus a Bhallstát a chur chun cinn, le hidirphlé polaitiúil idirnáisiúnta agus taidhleoireacht Eorpach a éascú, agus le forbairt na saoránachta daonlathaí a chothú.

---

[20] Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa (IO C 167, 21.4.2022, lch. 9).

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus aird chuí á tabhairt aird ar choimhdeacht agus ar imthosca náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Próifíl an oideachais saoránachta a NEARTÚ agus níos mó béime agus infheictheachta a thabhairt don mhéid is féidir leis an earnáil oideachais agus oiliúna a dhéanamh le tionscnaimh agus straitéisí Eorpacha a bhaineann le luachanna coiteanna Eorpacha, saoránacht dhaonlathach agus eolas ar an Aontas a neartú.

2. I gcomhar leis na Ballstáit, oideachas saoránachta daonlathaí a NEARTÚ agus TOSAÍOCHT A THABHAIRT DÓ i meithleacha chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, agus go háirithe sa Mheitheal um Chomhionannas agus Luachanna san Oideachas agus san Oiliúint.

3. Oideachas saoránachta daonlathaí agus comhluachanna Eorpacha a IONCHORPRÚ sna próisis faireacháin atá ann cheana maidir le córais agus beartais oideachais agus oiliúna, agus ualaí breise riaracháin ar na Ballstáit á seachaint. Chuige sin:

   a) Agus foinsí sonraí idirnáisiúnta inchomparáide atá ar fáil cheana nó atá le teacht á gcur san áireamh, saineolas an Bhuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna a ÚSÁID chun BREITHNIÚ A DHÉANAMH ar chur chuige feabhsaithe a fhorbairt maidir le táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla i réimse na hinniúlachta saoránachta san Aontas, dóibh siúd atá ar fáil cheana féin agus dóibh siúd atá á bhforbairt.

   b) Faireachán ar fhorbairt na hinniúlachta saoránachta a ÁIREAMH sna heagráin atá le teacht den Fhaireachán ar Oideachas agus Oiliúint, mar cheann de phríomhinniúlachtaí na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna, a mhéid atá sonraí nua agus fianaise eile ar fáil, mar aon le nuashonruithe ar bhearta beartais náisiúnta.

4. RANNCHUIDIÚ leis an eolas a mhéadú agus le tacú leis na Ballstáit chun go mbeidh na príomhshonraí agus na príomhuirlisí acu chun machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh, chun iad a shainaithint agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena gcleachtais oideachais, agus ag an am céanna ualaí breise riaracháin ar na Ballstáit a sheachaint; d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh sna tionscnaimh atá beartaithe ar bhonn deonach. Chun na críche seo:

a) Staidéir, tuarascálacha agus taighde atá níos inchomparáide agus níos eolasaí a FHORBAIRT ar bhonn rialta chun cur leis an eolas maidir leis an méid atá á dhéanamh sna córais oideachais agus oiliúna i dtreo inniúlacht saoránachta agus na héifeachtaí a bheadh aici ar thorthaí foghlama a fhorbairt, luachanna coiteanna Eorpacha, saoránacht dhaonlathach agus eolas ar an Aontas a chur chun cinn[21]. Dá bhrí sin, agus i measc nithe eile:

– Coimre a THARRAINGT SUAS ina bhfuil na tionscnaimh agus na dea-chleachtais uile maidir leis na hábhair sin go léir a chuireann na Ballstáit chun feidhme, le gur chuimsithí a bheith an forléargas.

– Tuarascáil nua Eurydice maidir leis an oideachas agus oiliúint ar an tsaoránacht in institiúidí oideachais agus oiliúna na hEorpa A CHUR AR FÁIL.

– Na staidéir shonracha agus suirbhéanna ar an leibhéal Eorpach a CHUR CHUN CINN chun meastóireacht a dhéanamh ar an méid eolais atá ar an Aontas agus ar a fheidhmiú, ar an mbraistint chómhuintearais, ar an rannpháirtíocht ghníomhach agus ar eolas ar na cearta agus na dualgais a bhaineann le bheith i do saoránach Eorpach, lena nasctar oideachas agus oiliúint le hearnálacha na hóige, an chultúir agus an cheartais, i measc earnálacha eile.

---

21 Téann an Staidéar Idirnáisiúnta ar Oideachas Sibhialta agus Saoránachta ón gComhlachais Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghaisce Oideachais siar go 2016, agus siar go 2017 a théann an tuarascáil Eurydice is déanaí ón gCoimisiún maidir leis an oideachas i scoileanna Eorpacha.

b) Ag cur le torthaí na hoibre a rinne an Mheitheal um Chomhionannas agus Luachanna san Oideachas agus san Oiliúint, i gcomhar le Comhairle na hEorpa, agus a Creat Tagartha Inniúlachtaí don Chultúr Daonlathach á úsáid mar bhonn, BA CHEART CUIMHNEAMH AR chreat inniúlachta sonrach, comhlántach a FHORBAIRT le haghaidh oideachas saoránachta gníomhaí agus daonlathaí a chur in oiriúint do chomhthéacs an Aontais d'fhoghlaimeoirí agus d'oideoirí. Leis sin, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí ar bhealach cosúil leis na creataí eile de chuid an Aontais atá ann cheana[22], agus sineirgí a lorg leo.

c) Treoirlínte maidir le modheolaíocht, ábhar agus oiliúint múinteoirí a FHORBAIRT chun feabhas a chur ar sholáthar agus ar cháilíocht an oideachais saoránachta daonlathaí sna Ballstáit uile, treoirlínte a bheadh ina dtagairt do lucht ceaptha beartas.

d) Forbairt modúl oiliúna sonrach maidir leis an oideachas saoránachta daonlathaí san Aontas (a bheadh ina rogha dheonach do na Ballstáit) a CHUR CHUN CINN do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí agus do cheannairí, agus do lucht déanta beartas, bunaithe ar luachanna coiteanna Eorpacha, ar an tsaoránacht dhaonlathach, ar inniúlacht saoránachta an Aontais agus ar phríomhinniúlachtaí gaolmhara eile, go háirithe trí chláir ábhartha de chuid an Aontais[23] agus ardáin ar líne, cosúil leis an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile.

---

22 Cuir i gcás, GreenComp, DigComp, LifeComp agus EntreComp.

23 Cuir i gcás, tríd an gclár Erasmus+ agus trí thionscnaimh cosúil leis na hAcadaimh Múinteoirí Erasmus+.

5. A mhéid a bhaineann leis an gclár Erasmus+[24], TUILLEADH SPREAGAIGH A THABHAIRT don cheathrú ceann de na tosaíochtaí uileghabhálacha chur chun feidhme atá sa chlár, is é sin, 'an rannpháirtíocht sa saol daonlathach, luachanna coiteanna agus rannpháirtíocht shibhialta', chomh maith le heolas ar an Aontas agus ar an tsoghluaisteacht. Chun na críche sin:

a) Agus na gníomhaíochtaí sin á gcur chun feidhme, BÉIM A LEAGAN ar an ngá atá le tuilleadh a fhoghlaim faoin Aontas Eorpach, faoina phróisis dhaonlathacha agus faoina fheidhmiú, agus faoin mbreisluach a ghabhann leis. Chun na críche sin, agus i measc nithe eile, BA CHEART CUIMHNEAMH AR uirlisí A CHUIMSIÚ chun eolas níos fearr ar an Aontas agus ar na comhluachanna Eorpacha a áirithiú, roimh chomhpháirtíocht soghluaisteachta foghlama nó comhair, nó i gcomhthráth léi, cuir i gcás modúl foghlama atá curtha in oiriúint d'aois agus do phróifíl an rannpháirtí. Ba cheart an aire chuí a thabhairt nach gcruthófar bacainní ar rochtain ar an gclár.

b) BÉIM A LEAGAN ar an oideachas saoránachta agus ar na comhluachanna Eorpacha a múintear sna modúil oiliúna agus na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil faoin tionscnamh 'Acadaimh Múinteoirí Erasmus+'.

c) LEANÚINT DEN chomhordú, den infheictheacht agus de scaipeadh na dtionscnamh uile ar leibhéal an Aontais a rannchuidíonn le luachanna coiteanna Eorpacha agus saoránacht dhaonlathach an Aontais a THREISIÚ, agus le líonraí idirghníomhaíochtaí a chruthú a bhfuil sé de chumas acu an pobal oideachais agus oiliúna a rannpháirtiú i dtógáil chomhchoiteann an Aontais, cuir i gcás na líonraí a leanas: eTwinning agus an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, an ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE), gníomhaíochtaí Jean Monnet, Comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha nó na hIonaid Barr Feabhais Gairme.

---

[24] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

d) LEANÚINT DE na bacainní maorlathacha a BHAINT agus an rannpháirtíocht sa chlár a ÉASCÚ, agus an méid a leanas á gcur san áireamh: imthosca sonracha a bhaineann le hinstitiúidí beaga agus le hinstitiúidí ata suite i gceantair thuaithe, iargúlta, fhorimeallacha agus bheagfhorbartha agus sna réigiúin is forimeallaí, nó i dtimpeallachtaí ata faoi mhíbhuntáiste.

e) Gníomhaíochtaí an chláir a NASCADH TUILLEADH leis na tionscnaimh eile atá faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna[25] nó faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[26].

---

[25] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32).

Cúlra polaitiúil

*Comhairle an Aontais Eorpaigh*

1. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1).

2. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (IO C 195, 7.6.2018, lch. 1).

3. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip (IO C 415, 1.12.2020, lch. 16).

4. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus thairis sin (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

5. Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách (IO C 221, 10.6.2021, lch. 3).

6. Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).

7. Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa (IO C 167, 21.4.2022, lch. 9).

8. Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna agus inniúlachtaí don aistriú glas (IO C 95, 14.3.2023, lch. 3).

9. Rún ón gComhairle maidir leis an 'Limistéar Eorpach Oideachais: ag féachaint ar 2025 agus níos faide anonn' (IO C 185, 26.5.2023, lch. 35).

*Dearbhuithe aireachta*

10. Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (Páras, an 17 Márta 2015).

*An Coimisiún Eorpach*

11. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an bhféiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr: Rannchuidiú an Choimisiúin Eorpaigh le cruinniú na gCeannairí in Göteborg, an 17 Samhain 2017 (COM(2017) 673 final).

12. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020) 625 final).

13. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an dul chun cinn i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach (COM(2022) 700 final).

*Parlaimint na hEorpa*

14. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: cur chuige iomlánaíoch comhchoiteann (2020/2243(INI)) (IO C 205, 20.5.2022, lch. 17).

15. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2022 maidir le gníomhaíochtaí oideachais saoránachta a chur chun feidhme (2021/2008(INI)) (IO C 434, 15.11.2022, lch. 31).